



Coimisiún  
na Meán

# Nóta Eolais maidir leis an gcinneadh Impress Dispute Resolutions a dheimhniú mar Chomhlacht um Réiteach Díospóidí Lasmuigh den Chúirt de bhun Airteagal 21 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha

Dáta foilsithe:

1 Iúil 2026



# Clár Ábhar

|                                                                |          |
|----------------------------------------------------------------|----------|
| <b>Réamhrá</b>                                                 | <b>3</b> |
| <b>Faisnéis maidir le Impress Dispute Resolutions</b>          | <b>4</b> |
| <b>Measúnú ar an iarratas</b>                                  | <b>4</b> |
| <b>Neamhchlaontacht agus Neamhspleáchas</b>                    | <b>5</b> |
| <b>Saineolas</b>                                               | <b>5</b> |
| <b>Luach Saothair</b>                                          | <b>6</b> |
| <b>Inrochtaineacht an phróisis ODS</b>                         | <b>6</b> |
| <b>Próiseas ODS atá tapa, éifeachtúil agus costéifeachtach</b> | <b>6</b> |
| <b>Rialacha nós imeachta cothroma agus soiléire</b>            | <b>7</b> |



## Réamhrá

Ar an 14 Bealtaine 2026, dheimhnigh Coimisiún na Meán (“an Coimisiún”) [Impress Dispute Resolutions Limited](#) (“IDR” nó “an tIarratasóir”) mar chomhlacht um Réiteach Díospóidí Lasmuigh den Chúirt (“ODS”) de bhun Airteagal 21 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha (“GSD”). Soláthraíonn an nóta seo faisnéis faoi phríomhghnéithe an iarratais agus an fhaisnéis ar ar dhírigh an Coimisiún le linn an phróisis measúnaithe chun teacht ar a chinneadh.

Le hAirteagal 21 de GSD tugtar teidlíocht d’fhaighteoirí seirbhíse ardáin ar líne chun comhlacht deimhnithe ODS a roghnú chun díospóidí a bhaineann le cinntí áirithe ó ardáin ar líne a réiteach, ar cinntí iad sin a dhéantar mar fhreagairt ar fhógra nó maidir leis an méid seo a leanas:

- a. cé acu ba cheart nó nár cheart rochtain ar an bhfaisnéis a uaslódáiltear chuig an ardán ar líne a bhaint nó a dhíchumasú nó srian a chur le hinfheictheacht na faisnéise;
- b. cé acu ba cheart nó nár cheart soláthar na seirbhíse a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh, go hiomlán nó i bpáirt, d’fhaighteoirí na seirbhíse;
- c. cé acu ba cheart nó nár cheart cuntas fhaighteoirí na seirbhíse a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh;
- d. cé acu ba cheart nó nár cheart an cumas luach airgid a chur ar fhaisnéis arna soláthar ag fhaighteoirí na seirbhíse a chur ar fionraí, a fhoirceannadh nó a shrianadh ar bhealach eile.

Áirítear leis sin cinntí a bhaineann le gearáin nár réitíodh trí chóras inmheánach láimhseála gearán ardáin ar líne.

Níl cinntí na gcomhlachtaí ODS ceangailteach.

Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún iarratasóir a dheimhniú mar chomhlacht ODS, i gcás ina gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha seo a leanas:

- a. Neamhchlaontacht agus neamhspleáchas, lena n-áirítear neamhspleáchas ar bhonn airgeadais de, maidir le soláthraithe ardán ar líne agus fhaighteoirí na seirbhíse.
- b. Saineolas maidir le réimsí ábhair mhídhleathaigh, nó i ndáil le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú téarmaí agus coinníollacha i leith ardáin ar líne.
- c. Luach Saothair, lena gceanglaítear go dtugtar luach saothair do chomhaltaí an chomhlachta ODS ar bhealach nach bhfuil nasctha le toradh an nós imeachta.
- d. Inrochtaineacht, lena gceanglaítear go bhfuil rochtain éasca ar an díospóid ODS, trí theicneolaíocht cumarsáide leictreonaí agus déantar foráil ann maidir leis an bhféidearthacht réiteach díospóidí a thionscnamh agus doiciméid tacaíochta riachtanacha a chur isteach ar líne.
- e. Réiteach tapa, éifeachtúil agus costéifeachtach díospóide, lena gceanglaítear go bhfuil sé ar chumas an chomhlachta ODS díospóidí a réiteach ar bhealach tapa, éifeachtúil agus costéifeachtach agus i gceann amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla institiúidí an Aontais.
- f. Rialacha soiléire agus cothroma, lena gceanglaítear go réitítear an díospóid ODS i gcomhréir le rialacha nós imeachta soiléire agus cothroma atá inrochtana go héasca agus go poiblí.

Tá tuilleadh eolais faoi oibleagáidí comhlachtaí ODS agus ardán ar líne a bhaineann leis an bpróiseas um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt le fáil in [Airteagal 21 de GSD](#) agus sa [Doiciméad Ceisteanna Coitianta](#) arna fhoilsiú ag an gCoimisiún.



## Faisnéis maidir le Impress Dispute Resolutions

Is cuideachta phríobháideach é an tIarratasóir atá teoranta le scaireanna agus cláraithe in Éirinn faoin gcláruimhir 757060. Tá scairshealbhóir amháin ag an Iarratasóir, an t-eintiteas Impress CIC sa Ríocht Aontaithe, a fheidhmíonn mar mhonatóir neamhspleách ar na meáin. Leithdháil Impress CIC cuid dá dheontas bliantúil seasta (comhaontú maoinithe ilbhliantúil) arna chur ar fáil ag Independent Press Regulation Trust chun idirchistí a sholáthar ar mhaithe le cruthú IDR.

Deimhníodh an tIarratasóir mar chomhlacht ODS an 14 Bealtaine 2026, ar feadh tréimhse cúig bliana. Is ionann an réimse saineolais faoinar bronnadh an deimhniúchán agus réiteach díospóidí maidir le hábhar midhleathach a fhoilsítear ar ardáin comhroinnte ábhair agus ardáin meán sóisialta.

Tá IDR deimhnithe chun cinntí a chur amach agus cumarsáid a dhéanamh i mBéarla agus chun glacadh le díospóidí i gcásanna ina bhfuil aon ábhar lena mbaineann nó an chumarsáid ón ardán ar líne i mBéarla. Tá sé beartaithe ag IDR measúnú a dhéanamh ar na díospóidí a fhaigheann sé faoi threoir chaighdeán dhlíthiúla na hÉireann. Cuirfidh sé cinntí amach i gcomhréir le dlí na hÉireann.

San iarratas ó IDR, níor shonraigh sé ardáin ar leith a bhfuil sé beartaithe aige iad a thabhairt faoina scáth ina phróiseas maidir le comhlachtaí ODS. I gcomhréir le ceanglais an phróisis deimhniúcháin do chomhlachtaí ODS, shainaithin IDR an chatagóir ghinearálta d'ardáin ar líne a rachaidh sé i gcomhar leo ina cháil mar chomhlacht ODS.

## Measúnú ar an iarratas

Rinneadh measúnú ar an iarratas a chuir IDR isteach chun a chinneadh ar chomhlíon an tIarratasóir na coinníollacha le bheith deimhnithe mar chomhlacht ODS. Rinneadh an measúnú de réir na dtreoirlínte atá leagtha amach i *"dTreoir dhoiciméad maidir le Réiteach Díospóidí Lasmuigh den Chúirt faoi Airteagal 21"* de chuid an Choimisiúin (an "Treoir") agus bhí creat láidir measúnaithe inmheánaigh a forbraíodh chun tacú leis an athbhreithniú ar iarratais mar bhonn taca leis. Is féidir teacht ar an Treoir [anseo](#). Tá an Treoir bunaithe ar reachtaíocht na hÉireann agus na hEorpa, ar chomhairliúchán, ar bhailiú sonraí agus ar thaighde neamhspleách. Cuireann an Treoir comhlachtaí leasmhara ar an eolas faoi phróiseas measúnaithe agus cinnteoireachta an Choimisiúin a dhéantar chun a chinneadh an gcomhlíonann an tIarratasóir na coinníollacha deimhniúcháin. I dteannta a chéile, tacaíonn an Treoir agus an creat measúnaithe le cinnteoireacht fhianaisebhunaithe, thrédhearcach, chomhsheasmhach agus chomhréireach ag an gCoimisiún i bhfeidhmiú a fheidhmeanna reachtúla maidir le hAirteagal 21. Mar chuid den iarratas, fuarthas faisnéis atá rúnda agus íogair ó thaobh cúrsaí tráchtála de agus láimhseáladh i gcomhréir le ceanglais na Treorach agus oibleagáidí reachtúla an Choimisiúin í. Mar chuid dá mheasúnú ar chostéifeachtacht an phróisis atá beartaithe, rinne an Coimisiún athbhreithniú seachtach a choimisiúnú ar na táillí atá beartaithe, i gcomparáid le costais IDR.

Leis na rannáin seo a leanas, tugtar breac-chuntas ar phríomhghnéithe an iarratais agus ar an bhfaisnéis ar dhírigh an Coimisiún uirthi le linn an phróisis measúnaithe chun teacht ar a chinneadh IDR a dheimhniú mar Chomhlacht ODS.



## Neamhchlaontacht agus Neamhspleáchas

Leis an gcoinníoll seo, ceanglaítear ar iarratasóir a léiriú go bhfuil sé neamhchlaonta agus neamhspleách a dhóthain, lena n-áirítear neamhspleách ó thaobh airgeadais de, ar sholáthraithe ardán ar líne agus ar úsáideoirí ardán ar líne. Léirmhínítear an coinníoll seo sa Treoir trí thagairt do neamhspleáchas eagraíochtúil, neamhspleáchas airgeadais agus neamhspleáchas na ndaoine aonair sonracha laistigh den chomhlacht ODS atá beartaithe a bhfuil sé de chúram orthu díospóidí a réiteach.

Maidir le neamhspleáchas eagraíochtúil, díríodh sa mheasúnú ar úinéireacht cuideachtaí agus ar bhainistíocht oibriochtúil. Bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach, bhí an Coimisiún sásta go bhfuil úinéireacht na cuideachta neamhspleách a dóthain agus gur chuir IDR bearta ábhartha i bhfeidhm, lena n-áirítear Cód Iompair a chur i bhfeidhm, chun neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na heagraíochta a chosaint agus chun coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann i measc a lucht bainistíochta agus a ball foirne a sheachaint.

Maidir le neamhspleáchas airgeadais, díríodh sa mheasúnú ar chostais bhunaithe agus bhunmhaoinithe mheasta agus ar an tsamhail mhaoinithe. Measadh go raibh an t-ioncam agus an caiteachas measta, agus na toimhdí atá mar bhonn taca leo, réasúnta. Bunaithe ar an anailís a rinneadh maidir le hioncam agus caiteachas measta, bhí an Coimisiún sásta go bhfuil síolchistiú leordhóthanach ag an iarratasóir agus go n-éireadh sé neamhspleách ó thaobh airgeadais de sa tréimhse ama shonraithe. Cuirfear an tseirbhís ar fáil d'úsáideoirí saor in aisce. Míníodh na táillí atá beartaithe d'ardán ar líne agus soláthraíodh bonn cirt iomchuí chun a léiriú nár sháraigh na táillí sin na costais mheasta atá le tabhú ag IDR. Ceanglaítear ar IDR an Coimisiún a chur ar an eolas faoi aon athruithe ar tháillí. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar aon athruithe den sórt sin lena chinntiú go mbíonn na táillí iomchuí i gcónaí agus go léiríonn siad na costais a thabhaítear chun an próiseas ODS a urscaoileadh.

Maidir le neamhspleáchas daoine aonair a bhfuil sé de chúram orthu díospóidí a réiteach ("cás-chinnteoir(i)"), díríodh sa mheasúnú ar earcaíocht, ar fhorálacha sna conarthaí fostaíochta (e.g., luach saothair, foirceannadh conartha), ar an bpróiseas cinnteoireachta a leanann cás-chinnteoirí, ar choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann agus ar línte tuairiscithe.

Bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach, bhí an Coimisiún sásta go bhfuil nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm chun neamhspleáchas cás-chinnteoirí a chosaint. Beidh eadránaithe cáilithe i measc na gcás-chinnteoirí. Earcóidh IDR ar phainéal iad agus ceapfaidh Institiúid Chairte na nEadránaithe chuig gach cás iad. Beidh na cás-chinnteoirí agus na cás-riarthóirí faoi cheangal ag conarthaí agus ag an gCód Iompair, ina leagtar amach ionchais maidir le neamhspleáchas, easpa coinbhleacht leasa agus neamhchlaontacht.

## Saineolas

Ceanglaítear leis an gcoinníoll seo go mbeidh anaineolas is gá ag an ODS i ndáil leis na saincheistanna a thagann chun cinn i réimse amháin ar leith nó níos mó d'ábhar mídhleathach, nó i ndáil le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú téarmaí agus coinníollacha de chineál amháin ardán ar líne nó níos mó.

Chun a chinneadh ar chomhlíon an tIarratasóir ceanglais an choinníll seo, díríodh sa mheasúnú ar an eolas institiúideach roimhe sin a bhí ag IDR maidir le seirbhísí um réiteach díospóidí a sholáthar agus ar na ceanglais saineolais, cháilíochta nó deimhniúcháin a leagadh síos do bhainisteoirí sinsearach agus do ról atá coibhéiseach le stiúrthóirí, ar mhaoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas ODS, agus ar shaineolas, cáilíochtaí, deimhnithe agus oiliúint na gcás-chinnteoirí a bhaineann leis na réimsí sonraithe saineolais.



Bunaithe ar an bhfianaise a cuireadh ar fáil, mheas an Coimisiún gurbh oiriúnach agus ábhartha iad eolas agus saíneolas bhainistíocht shinsearach IDR maidir le réiteach malartach díospóidí, dlí na meán agus rialáil. Measadh gurbh iomchuí iad na hionchais maidir le saíneolas a leagadh síos do na cás-chinnteoírí (eadránaíthe), lena cuimsíodh saíneolas dlíthiúil ábhartha agus eolas speisialaithe (lena n-áirítear caighdeán dlí, modhnóireacht ábhair ar líne agus GSD). Dheimhnigh IDR go bhfuil sé de rún aige go mbeadh gach cás-chinnteoir ina eadránaí cáilithe agus 7 mbliana de thaithí tar éis cáilíocht a bhaint amach ar a laghad aige. Tabharfaidh cás-chinnteoírí agus cás-riarthóirí araon faoi oiliúint inmheánach freisin, lena gclúdófar ábhair cosúil le GSD, creataí AE um chearta an duine agus reachtaíocht ábhartha na hÉireann.

## Luach Saothair

Ceanglaítear leis an gcoinníoll seo go dtabharfar luach saothair do bhaill de chomhlacht ODS ar bhealach nach bhfuil nasctha le toradh an nós imeachta.

Diríodh sa mheasúnú ar bheartas luacha saothair, conradh fostaíochta agus coinníollacha luacha saothair IDR, amhail tuarastal.

Bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil, bhí an Coimisiún sásta nach bhfuil an luach saothair ag brath ar thoradh na ndíospóidí. Ní raibh aon choinníollacha sa chonradh fostaíochta, nó ar shlí eile, a thabharfadh le fios go raibh toradh na ndíospóidí sin nasctha le dreasachtaí airgeadais nó pionóis.

## Inrochtaineacht an phróisis ODS

Éilíonn an coinníoll seo ar chomhlacht ODS próiseas ODS a thairiscint atá inrochtana go héasca, trí theicneolaíocht cumarsáide leictreonaí.

Diríodh sa mheasúnú ar an bpróiseas agus ar an bhfeidhmiúlacht chun a chinntiú go mbeidh rochtain éasca ar an nós imeachta um réiteach díospóidí agus go mbeidh sé trédhearcach, ar an teicneolaíocht cumarsáide leictreonaí atá beartaithe a úsáidtear chun tús a chur le réiteach na díospóide agus ar an gcomhéadan ar líne le húsáideoir an phróisis ODS.

Tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach, mheas an Coimisiún go bhfuil nósanna imeachta agus réiteach teicniúil beartaithe IDR inrochtana go héasca agus trédhearcach, rud a chuireann ar chumas fhaighteoir na seirbhíse an fhaisnéis riachtanach uile a chur isteach agus dul i dteagmháil leis an gcomhlacht ODS de réir mar is cuí suas go dtí cur i gcrích an cháis. Bainfear úsáid as córas bainistithe cásanna chun díospóidí a thaifeadadh agus a rianú. Sannfar cás-riarthóirí do gach cás chun tacaíocht a chur ar fáil agus an chumarsáid a éascú.

## Próiseas ODS atá tapa, éifeachtúil agus costéifeachtach

Ceanglaítear leis an gcoinníoll seo go léireoidh comhlacht ODS a chumas díospóidí a réiteach ar bhealach tapa, éifeachtúil agus costéifeachtach agus i gceann amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla institiúidí an Aontais.

Diríodh sa mheasúnú maidir leis an gcoinníoll seo ar an méid seo a leanas:

- an nós imeachta um réiteach díospóidí,



- cur chuige maidir le cásanna a roghnú agus thriáiseáil,
- bainistiú cásanna agus géarú,
- réamh-mheastacháin maidir le méid na ndíospóidí agus aga slánúcháin na ndíospóidí,
- samhail táillí, agus
- an teanga inar féidir leis an larratasóir díospóidí a réiteach.

I ndáil le líon réamh-mheasta na ndíospóidí, measadh gur leordhóthanach agus iontaofa iad na méadrachtaí a d'úsáid an tarratasóir chun meastachán a dhéanamh ar líon na ndíospóidí, amhail Tuarascálacha Trédhearcachta GSD agus na sonraí a bhí ar fáil arna gcomhroinnt ag na comhlachtaí deimhnithe ODS atá ann cheana. Chuir an tarratasóir faisnéis leordhóthanach isteach chun a léiriú go bhfuil sé in ann an líon measta díospóidí a láimhseáil, lena n-áirítear líon soláthair foirne, nós imeachta mionsonraithe um réiteach díospóidí agus bearta oibríochtúla breise.

Maidir leis an nós imeachta um réiteach díospóidí, bhí an Coimisiún sásta gur leor struchtúr an nós imeachta um réiteach díospóidí, mar aon leis an réiteach teicneolaíochta atá le húsáid ag úsáideoirí ardáin ar líne, chun próiseas tapa éifeachtúil ODS a chinntiú. An tuairisc a thug an tarratasóir ar shreabhadh próisis an nós imeachta um réiteach díospóidí ón bpointe ar cuireadh aighneacht isteach go dtí pointe eisiúna na gcinntí don dá pháirtí, ba chosúil go raibh sí cuíchóirithe agus soiléir go leor. Measadh gurbh iomchuí é an togra ó IDR chun díospóidí maidir le hábhar mídhleathach a réiteach faoi threoir chaighdeán dhlíthiúla na hÉireann, i bhfianaise go dtabharfar rogha don dá pháirtí sa díospóid (an t-ardán agus an t-úsáideoir) tarraingt siar má thagann an díospóid ó dhlínse AE eile, agus má chuirtear fianaise ábhartha ar fáil. Measadh gur réasúnta é an togra ó IDR chun uasteorainn mhíosúil a thabhairt isteach le bheith ar aon dul lena acmhainn mar atá le fírinne agus lena chur ar a chumas seirbhís agus cinntí ar ardchaighdeán a sholáthar.

Maidir le costéifeachtúlacht na dtáillí a mhol IDR, mheas an Coimisiún go raibh samhail na dtáillí trédhearcach go leor agus mínithe go soiléir. Tugadh le fios san anailís chostéifeachtachta a rinneadh go raibh nasc soiléir idir na táillí a gearradh ar ardáin ar líne agus na costais a tabhaíodh chun díospóidí a phróiseáil agus nár mhó iad ná na costais sin. An sceideal táillí a mhol IDR, ina liostaítear torthaí coitianta ar chásanna agus na costais a bhaineann leo, measadh go raibh sé réasúnta agus inchomparáide leis na táillí arna socrú ag comhlachtaí ODS eile. Bhí an Coimisiún sásta go gcuirfeadh IDR an trédhearcacht riachtanach ar fáil d'ardáin ar líne maidir leis na táillí a ghearrfaí. Ní ghearrfar aon táillí ar úsáideoirí ar líne.

Maidir leis na teangacha, chuir IDR faisnéis leormhaith ar fáil lena léiriú gur féidir leis díospóidí a réiteach i mBéarla. Cainteoirí dúchais Béarla a bheidh sna cás-riarthóirí agus cás-chinnteoirí dá chuid.

## Rialacha nós imeachta cothroma agus soiléire

Leis an gcoinníoll seo, ceanglaítear ar an larratasóir an próiseas ODS a chur i gcrích de réir rialacha nós imeachta soiléire agus cothroma, agus go mbeidh rochtain éasca ag an bpobal ar na rialacha sin, agus go mbeidh siad i gcomhréir leis na dlíthe is infheidhme.

Maidir leis na rialacha nós imeachta cothroma agus soiléire, díriodh sa mheasúnú ar an méid seo a leanas:

- na gnéithe den nós imeachta a chumhdaítear sa doiciméad maidir leis na Rialacha Nós Imeachta, lena n-áirítear na hoibleagáidí atá ar ardáin agus ar fhaighteoirí seirbhíse maidir le meon macánta agus an oibleagáid atá ar an gcomhlacht ODS cinneadh stuama a eisiúint;
- an creat cinnteoireachta normatach (caighdeán agus noirm lena rialaítear cinnteoireacht an chomhlachta ODS maidir le díospóidí), rud ar cheart cloí le caighdeán um chearta bunúsacha leis.



Cloíonn na Rialacha Nós Imeachta a sholáthair IDR mar chuid dá larratas leis na ceanglais a leagtar amach sa Treoir don choinníoll seo, lena gcumhdaítear rialacha rannpháirtíochta, ceanglais maidir le hinghlacthacht díospóide, próiseas díospóide, coinníollacha maidir leis an gcás-chinnteoir a cheapadh, torthaí féideartha díospóidí, meastacháin ama, neamhspleáchas agus neamhchlaontacht, agus cearta dlíthiúla an úsáideora. Dheimhnigh IDR go bhfuil sé de rún aige a Rialacha Nós Imeachta a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin IDR a luaithe a bheidh an comhlacht ODS ag feidhmiú go hiomlán i mí Lúnasa 2026.

Bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach, bhí an Coimisiún sásta go bhfuil an creat normatach a úsáidfí IDR deartha chun caighdeán um chearta bunúsacha a chur san áireamh.

